C/2026/3734

13.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3734)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Sulinka’

Uimhir AE: PDO-SK-03399 — 10.1.2025

1. **Ainm**

‘Sulinka’

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC ☒ TGFC☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an suíomh agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2201 — Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí nádúrtha nó saorga agus uiscí aeraithe, nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo ná nach bhfuil blaistithe; oighear agus sneachta

2201 10 — Uiscí mianraí agus uiscí aeraithe

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

An t-uisce ‘Sulinka’, is uisce alcaileach sóidiam-carbónáite é ina bhfuil leibhéil mhéadaithe mhaignéisiam agus litiam. Is uisce mianraí nádúrtha, fuar, hipeathónach é, ina bhfuil décharbónáite sóidiam ag a bhfuil saintréith alcaileach aige. Tá a chion nádúrtha CO_2 (dé-ocsaíd charbóin) chomh hard le 4 g/l; agus é i bhfoirm CO_2 saor agus é á thuaslagan san uisce.

Mianrú iomlán 5 869 mg/l

Caitiain	**(in mg/l)**
Na^+	800,4
Mg^{2+}	263,2
Ca^{2+}	240,8
Li^+	1,991

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Ainiain	**(in mg/l)**
HCO_3^-	4 394,7
Cl^-	53,0
NO_3^-	< 0,5
NO_2^-	< 0,01

Is féidir leis na luachanna iarbhír a bheith suas le 15 % os cionn na luachanna thuas, nó suas le 15 % faoina mbun, ag brath ar dhálaí ithreach agus aeráide.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tagann an t-uisce mianraí chun cinn sa limistéar geografach sainithe.

4.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar an t-uisce mianraí a tharraingt ó dhoimhneacht na talún trí bhíthin thollpholl saothraithe MS-1 Johanus, a rinneadh chun na críche sin go doimhneacht 107,5 m. Tá an t-uisce airtéiseach sin nasctha leis an ngaineamhchloch ón ré Eoicéineach i limistéar den chrios flíse. Déantar an t-uisce mianraí a sháithiú le dé-ocsaíd charbóin nádúrtha ón talamh.

Sa lá atá inniu ann, faightear an t-uisce mianraí trí thollpholl saothraithe, mar a luaitear thuas. Déantar é a aistriú ansin chuig an monarchan buidéalaithe trí phíblíne uisce mianraí chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha sláinteachais uile agus go gcaomhnaítear na héifeachtaí tairbhiúla uile a bhaineann le huisce mianraí 'Sulinka'.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar an t-uisce mianraí a bhuidéalú i bpacáistíocht díolacháin atá íon ó thaobh an tsláinteachais de trí bhíthin próiseas teicneolaíoch lena gcoinnítear amach aon éilliú mar gheall ar eilimintí nó substaintí coimhthíocha agus lena gcruthaítear lúb iata idir pointe soláthair an uisce agus an pointe a ndéantar é a bhuidéalú lena dhíol.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Sa limistéar geografach sainithe tá fánaí thuaidh shliabhraon Sliboň, ina bhfuil foirmíochtaí Čergov agus Strihovce de chuid an Aonaid Krynica. Tosaíonn teorainn an limistéir shainithe ar cholbha clé an bhóthair Malý Lipník chomh fada le Sulín agus leanann sí ar aghaidh ar feadh 250 m i rith an bhealaigh siar ó thuaidh. Uaidh sin ar aghaidh léi ansin chun na dobharlíne agus leanann ar aghaidh go comhthreomhar leis an sruth (thart ar 200 m ar fad) go 687,5 m os cionn leibhéal na farraige. Leanann sí soir ó dheas go hairde Sliboň (789 m os cionn leibhéal na farraige), áit a dtéann sí soir ó thuaidh go 681,5 m os cionn leibhéal na farraige. Téann an teorainn thoir ó thuaidh chuig an lochán ina dtéann sruthán nach bhfuil ainm air faoi bhóthar Malý Lipník go Sulín. As sin amach, leanann sí ciumhais chlé an bhóthair chuig an bpointe ar a bhfuil na comhordanáidí Y –293995,73, X –1166723,77.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar na dálaí ithreach agus aeráide sa limistéar geografach sainithe.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá réigiún Severný Spiš agus Pieniny lom lán d'fhoinsí mianracha. Is é geolaíocht an-éagsúil an limistéir gheografaigh shainithe is cúis le héagsúlacht agus flúirse na bhfoinsí mianrach sa limistéar geografach sainithe.

Is é an próiseas bunúsach trína gcruthaítear comhdhéanamh ceimiceach uisce ó fhoinse nádúrtha, agus comhdhéanamh mianreolaíoch agus peitrgrafach na carraige máguaird á chur san áireamh, carbónáití, gipseam nó ainhidrít, agus próisis malartaithe ian a thuaslagadh. Na saintréithe a bhaineann le Palmer, léiríonn siad go gcruthaítear comhdhéanamh ceimiceach an uisce i gcarraig dholaimíte agus i sraitheanna *keuper* an Krížna Nappe. Na tiúchaintí a bhfuil leibhéil níos airde strointiam iontu, tá siad ann mar thoradh ar an uisce a bheith ag teacht i dteagmháil le *keuper* gipsim, áit a bhfuil strointiam i bhfoirm ceilitín.

Tá foinse uisce mianraí 'Sulinka' suite i gcrích bhardas Sulín ag airde 416,439 m os cionn leibhéal na farraige. Tagann a fhoinsí as flís Magura in Aonad Čergov díreach in aice le hAbhainn Poprad ar an mbruach clé, faoi bhun mhullach Sliboň, sliabh ard atá cumhdaithe le foraoisí.

An limistéar sceite le haghaidh na bhfoinsí mianrach, tá sé bunaithe ar charraigeacha flíse Magura i bhfoirm créchloch Eoicéineach agus i bhfoirm gaineamhchloiche. Sreabhann an t-uisce mianraí amach a bhuí le scoilt ar líne domhanfhaid a ritheann siar ó dheas go dtí an t-oirthuaisceart, a thrasnaíonn le líne theicteonach thrasnach thuaidh-theas i réigiún Malý Sulín.

Cnoc flíse cuibheasach íseal is ea an 'Sulínska brázda' [Clais Sulín], ina bhfuil dálaí hidrigeolaíocha atá fabhrach d'fhorbairt uiscí mianraí. Tá na limistéir máguaird níos airde agus tá dálaí geolaíochta comhchosúla acu ach dálaí hidreolaíocha éagsúla. Ó tharla nach bhfuil'Sulínska brázda' chomh hard céanna, is féidir leis an uisce fanacht faoi thalamh ar feadh tréimhse níos faide agus níos mó mianraí a ionsú.

Sainiúlacht an táirge

Aicmítear 'Sulinka' mar uisce mianraí mar gheall ar a chion ard mianraí, ina bhfuil leibhéil fhoriomlána mianraí idir 5 100 mg/l agus 7 600 mg/l. Tá leibhéil mhianracha níos lú ná 500 mg/l ag gnáthuiscí boird, agus tá leibhéil suas le 1 500 mg/l ag uiscí mianraí éadroma. Uisce mianraí carbónáitithe go nádúrtha is ea 'Sulinka', rud a chiallaíonn go dtagann an dé-ocsaíd charbóin go díreach ón bhfoinse. Murab ionann agus uiscí mianraí ina ndéantar CO_2 inite a instealladh, tá CO_2 nádúrtha, ón gcéad bhlaiseadh de, níos éadroime ar an teanga; ní chuireann sé isteach ar sheicin mhúcasach na larainge. Tá saintréith alcaileach ag 'Sulinka'. Níl méideanna chomh hard sin de charbónáití hidrigine agus litiam i bhformhór na ngnáthuiscí mianraí.

Nasc cúisíoch

Tá an limistéar geografach sainithe suite in oirthuaisceart na Slóvaice, gar d'Abhainn Poprad agus sliabhraon Čergov agus sléibhte Ľubovnianska Vrchovina timpeall air. Tá cáil ar an limistéar mar gheall ar a charraigeacha carst agus bolcánacha, atá lán mianraí. Sreabhann uisce báistí trí shraitheanna carraige, ag éirí níos saibhre ó thaobh mianraí de ar feadh a thurais fhada faoi thalamh (i gcaitheamh na mblianta nó na gcéadta blianta fiú). Tugann na carraigeacha aolchloiche agus dolaimíteacha ardleibhéil carbónáití hidrigine do 'Sulinka'. Le linn scagacháin, scaoiltear maignéisiam agus cailciam ón bhfo-ithir, agus tá litiam agus sóidiam ann sa réigiún freisin mar gheall ar phróisis bholcánacha stairiúla.

Tá mianchoirp nádúrtha CO_2 ann freisin, a charbónáitíonn an t-uisce go nádúrtha.

Tá aeráid measartha fionnuar sa limistéar, rud a chuireann moill ar ghalú an uisce agus a chaomhnaíonn ardchaighdeán na bhfoinsí. Déanann gaireacht na limistéar sléibhtiúil agus na bhforaoisí na foinsí a chosaint ar thruailliú, agus bíonn tionchar ag Abhainn Poprad ar an gcóras uisce faoi thalamh agus ar chúrsaíocht mianraí. Chuir tionchair gheoiteirmeacha stairiúla le mianrú mór ar an uisce. Fágann na dálaí sin go bhfuil 'Sulinka' an-saibhir ó thaobh mianraí de agus tugann siad saintréith alcaileach dó.

Le breis agus 170 bliain, tá uisce mianraí 'Sulinka' ag teacht chun cinn ón bhfoinse Koruna atá suite i mbardas Sulín i gceantar Stará Ľubovňa in oirthear na Slóvaice. San am sin, bhí sé á onnmhairiú cheana féin chuig an Ostair-Ungáir, an Trasalváin, an Dalmáit, na Stáit Aontaithe agus Ceanada.

Cuireadh tús le buidéalú an uisce mhianraigh in 1836. Buidéalaíodh é i mbuidéil speisialta ar a tugadh 'hlavy' [cloigne], a táirgeadh i saothrlainne na n-oibreacha gloine in Malý Lipník agus, in 1891, sa bhardas Veľký Sulín.

Cúig mheitheal oibrithe a rinne an t-uisce a bhuidéalú. Nigh meitheal amháin na buidéil in Abhainn Poprad agus d'iompair an dara grúpa iad go dtí an foinse, áit a líonfadh beirt oibrithe na buidéil le huisce mianraí. Dhún an tríú meitheal na buidéil, ba e an ceathrú meitheal a shéalaigh le roisín iad agus ghreamaigh an mheitheal dheireanach na lipéid. A luaithe a líonadh na buidéil le huisce mianraí agus a séalaíodh iad, cuireadh i gcliathbhoscaí adhmaid iad lena n-iompar. Gach seachtain, ar an Luan agus ar an Aoine, thaistealódh cairteacha go Prešov le huisce mianraí ó Sulín, áit a stórálfaí ag an stáisiún traenach iad. Ón 1 Eanáir go dtí lár mhí Mheán Fómhair 1872, iompraíodh 20 260 cliathbhosca d'uisce mianraí Sulín go Prešov. Díoladh bosca ar phraghas 4 flóirín, 50 kreutzer. Le linn na tréimhse sin fuair úinéirí na foinse, is é sin mic an Bharúin Kornélia Paločaj, 91 170 flóirín. Tar éis dóibh na costais uile a bhaint, ba é 50 000 flóirín an glanbhrabús a bhí acu. Dá bhrí sin, bhí teaghlach Paločajan in ann ioncam maith a tharraingt as foinse Sulín. Sa 19ú haois, táirgeadh 500 000 buidéal den uisce mianraí sin gach bliain.

Roimh an Dara Cogadh Domhanda, bhí foinse mianrach Sulín faoi úinéireacht Gejza Alapi Salamón. D'ainneoin gur dheacair teacht ar an gceantar ar bhóithre agus go raibh rogha leathan uiscí mianraí eile, bhí an gnó brabúsach.

Tá an fhoinse á húsáid i gcónaí sa lá atá inniu ann agus déantar an t-uisce mianraí nádúrtha a bhuidéalú ina fhoirm íon, gan aon leasaitheach ná aon substaint bhreise curtha leis. Is fianaise bhreise ar cháilíocht an uisce mhianraigh é an t-ainm 'Sulinka' a áireamh sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh agus um thásca geografacha le haghaidh táirgí, a choinníonn Oifig Maoine Tionsclaíche na Slóvaice, agus an lipéad cáilíochta a bhronn Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe na Slóvaice uirthi.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/pdf/specifikacie_op_oz/SULINKA.pdf